Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5095/22**

**JAI 18**
**MIGR 5**
**ASIM 4**
**RELEX 9**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhordúcháin Oibríochtúil le haghaidh Ghné Sheachtrach na hImirce |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an...**

**maidir leis an Sásra Comhordúcháin Oibríochtúil le haghaidh Ghné Sheachtrach na hImirce**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/415/AE ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis na socruithe a bhaineann le cur i bhfeidhm an chlásail dlúthpháirtíochta ag an Aontas[1], agus go háirithe Airteagal 9(3) de,

---

1 IO L 192, 1.7.2014, lch. 53.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Baineann an Cinneadh seo le sásra a bhunú chun comhordú oibríochtúil a dhéanamh ar ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM), trí shásra comhtháite an Aontais a oiriúnú a d’fhormheas an Chomhairle an 25 Meitheamh 2013, agus a ndéantar tagairt do na socruithe a bhaineann leis in Airteagal 1(2) de Chinneadh 2014/415/AE.

(2) D’iarr an Chomhairle Eorpach an 24-25 Meitheamh 2021 go mbeadh comhpháirtíochtaí agus comhar níos dlúithe ann le tíortha tionscnaimh agus idirthurais chun cailliúint saoil a chosc agus chun brú ar theorainneacha na hEorpa a laghdú, trí chur chuige pragmatach, solúbtha agus saincheaptha, agus úsáid á baint ar bhealach comhordaithe as na hionstraimí agus na dreasachtaí uile atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.

(3) D’iarr Comhairle Eorpach an 21-22 Deireadh Fómhair 2021 ina dhiaidh sin go ndéanfaí na pleananna gníomhaíochta a bunaíodh d'ochtdtír tosaíochta tionscnaimh agus idirthurais oibríochtúil, agus amlínte nithiúla agus tacaíocht leordhóthanach airgeadais mar thaca leo.

(4) An 16 Nollaig 2021, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, faoi stiúir a hUachtaránachta, dlúthfhaireachán a áirithiú féachaint go ndéanfar beartas imirce seachtrach an Aontais a chur chun feidhme go gasta éifeachtach.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh an Chomhairle in ann a chúram a chur i gcrích, is gá na modhanna agus na luamháin éagsúla a chomhtháthú, comhordú a neartú idir na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le gné sheachtrach na himirce a chur chun feidhme, agus cineál oibríochtúil ghníomhaíochtaí an Aontais a áirithiú, gan dochar d'inniúlachtaí institiúidí an Aontais faoi seach.

(6) Chuige sin, ba cheart sásra a bhunú chun comhordú oibríochtúil a dhéanamh ar ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM). Ba cheart go gcuirfeadh an sásra leis na socruithe dá bhforáiltear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairlemaidir le Socruithe Comhtháite an Aontais Eorpaigh maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna[1]. Tá sé éagsúil don chuspóir atá leis, áfach, sa mhéid is go bhfuil an sásra nua ceaptha chun déileáil leis an gcaidreamh le tríú tíortha i réimse na himirce,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993 ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Socruithe Comhtháite an Aontais Eorpaigh maidir le Freagairt Pholaitiúil ar Ghéarchéimeanna (IO L 320, 17.12.2018, lch. 28).

*Airteagal 1*

*Sásra comhordúcháin oibríochtúil a chruthú*

1. Leis an gCinneadh seo, bunaítear sásra comhordúcháin oibríochtúil do ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM). Le MOCADEM, cuirfear ar chumas an Aontais saincheisteanna a bhaineann le gné sheachtrach na himirce a chomhordú agus a fhreagairt go tráthúil.

2. Le MOCADEM, cuirfear an tsolúbthacht is gá ar fáil don Chomhairle chun sintéis na faisnéise agus na dtreoshuíomhanna arna moladh ag na comhlachtaí éagsúla ullmhúcháin agus ag na páirtithe éagsúla a bhfuil baint acu leis an sásra a áirithiú. Le MOCADEM, déanfar gníomhaíochtaí oibríochtúla a ullmhú agus a mholadh maidir leis na modhanna agus an ghiaráil a úsáidfear chun cuspóirí an Aontais a chur chun feidhme do gach tríú tír lena mbaineann.

3. Beidh MOCADEM faoi stiúir Uachtaránacht na Comhairle, agus inniúlachtaí an Choimisiúin agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí) á gcur san áireamh go hiomlán.

4. Ní thagann MOCADEM in ionad na sásraí ná na socruithe den Aontas atá ann cheana ná ní dhéanann sé dúbláil orthu.

*Airteagal 2*

*Sainmhíniú*

Chun críocha an Chinnidh seo, ciallaíonn "gníomhaíocht oibríochtúil" aon ghníomhaíocht ar dóigh dá cur chun feidhme rannchuidiú le baint amach chuspóirí an Aontais ina chaidreamh le tríú tír i réimse na himirce, lena n-áirítear:

– cur chuige polaitiúil nó taidhleoireachta;

– gníomhaíocht chun tacú leis an tríú tír lena mbaineann, lena n-áirítear i réimse an fhothaithe acmhainneachta nó an chomhair um fhorbairt;

– leas a bhaint as aon ghiaráil atá ar fáil, mar shampla tacaíocht airgeadais, nó uirlisí beartais víosaí nó aon bheartais eile; agus,

– straitéisí cumarsáide spriocdhírithe a fhorbairt.

*Airteagal 3*

*Feidhmiú*

1. I gcás ina mbeidh tionchar chomh mór sin ag staid an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus tríú tír maidir leis an imirce, go mbeidh gá le comhordú agus freagairt thráthúil ón Aontas, féadfaidh an Uachtaránacht cruinniú comhchéime MOCADEM a thionól, le tacaíocht agus comhairle ó Ardrúnaíocht na Comhairle.

2. Beidh sé d'aidhm ag an gcruinniú comhchéime an fhaisnéis agus na tograí beartais a chuireann comhlachtaí ullmhúcháin éagsúla na Comhairle ar fáil, chomh maith leis na páirtithe eile ar tugadh cuireadh dóibh, a shintéisiú. Bunaithe go háirithe ar achoimrí oibre a dhréachtaigh an Mheitheal um Ghnéithe Seachtracha de Thearmann agus Imirce de chuid na Comhairle, agus an obair ábhartha a rinne meithleacha eile (amhail an Mheitheal um Víosaí, an Mheitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt, an Mheitheal um Chomhar um Fhorbairt agus um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, nó na meithleacha geografacha). Ullmhóidh an cruinniú comhchéime gníomhaíochtaí oibríochtúla a bheidh le moladh do Choiste na mBuanionadaithe (Coreper), in aon réimse atá ábhartha don chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír lena mbaineann i réimse na himirce.

3. Cinnfidh an Uachtaránacht comhdhéanamh na gcruinnithe comhchéime MOCADEM. Iarrfar ar sheirbhísí an Choimisiúin agus ar an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtra (SEGS) a bheith rannpháirteach agus rannchuidiú achomair a thíolacadh i ndáil lena réimsí inniúlachta uile faoi seach. Iarrfar ar na Ballstáit leasmhara a bheith rannpháirteach. Iarrfar freisin ar chomhlachtaí, oifigí, nó ghníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, agus ar gheallsealbhóirí agus saineolaithe ábhartha eile i réimsí áirithe, a bheith rannpháirteach, de réir mar is iomchuí.

4. Beidh leibhéal na hionadaíochta ó gach institiúid, comhlacht, oifig, gníomhaireacht nó páirtí eile, ar tugadh cuireadh dóibh, iomchuí do chuspóir oibríochtúil agus cinnteoireachta an chruinnithe comhchéime.

*Airteagal 4*

*Ról COREPER*

Chun comhleanúnachas na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ag an Aontas a áirithiú, áiritheoidh COREPER treo straitéiseach obair MOCADEM, a thuairisceoidh go rialta do COREPER, agus áiritheoidh COREPER rialú polaitiúil ar chur chun feidhme na socruithe.

*Airteagal 5*

*Acmhainní*

1. Féadfaidh MOCADEM brath ar thuarascálacha arna n-ullmhú ag acmhainneacht tacaíochta na hAcmhainne Comhtháite um Fheasacht agus Anailís ar an Suíomh (ISAA) arna bunú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1993.

2. Le hacmhainneacht tacaíochta ISAA, beifear in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) faisnéis staide a bhailiú agus a scaipeadh, na hanailísí arna ndéanamh ag an Aontas agus ag na Ballstáit, na cinntí agus na bearta atá déanta ag na geallsealbhóirí ábhartha nó is gá dóibh a dhéanamh, agus na ceanglais maidir le comhordú;

   (b) an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) a phróiseáil agus forléargas a thabhairt ar an staid; agus,

   (c) anailís chomhtháite a dhéanamh, lena n-áirítear éabhlóid agus iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ar an staid.

3. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS ISAA a fhorbairt laistigh dá róil agus dá bhfreagrachtaí faoi seach agus laistigh de theorainneacha na modhanna agus na gcumas atá acu cheana. Beidh ISAA bunaithe freisin ar na hanailísí arna soláthar ag na Ballstáit agus ag comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

*Airteagal 6*

*Athbhreithniú*

Tráth nach déanaí ná ...[12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo] déanfaidh COREPER athbhreithniú ar chur chun feidhme MOCADEM, bunaithe ar thuarascáil a chuirfidh an Uachtaránacht isteach tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis an Ardionadaí. Déanfaidh COREPER, de réir mar is iomchuí, athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gCinneadh sin a mholadh don Chomhairle.

*Airteagal 7*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa....

*Thar ceann an Chomhairle*
*An Uachtaráin*